Rewarding Learning

**ADVANCED**

**General Certificate of Education**

**2016**

# Stair

Aonad Measúnaithe A2 2

AH221

## [AH221]

## DÉ CÉADAOIN 25 BEALTAINE, IARNÓIN

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair **dhá** cheist as do rogha. Freagair ceist 1 agus ceist 2. Tá rogha i gceist 2.
Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **2**.
Fiosrú stairiúil atá sa pháipéar seo.
Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur chóir go dtaispeánfadh a bhfreagraí an tuiscint acu ar cad é mar a rinneadh an t-am atá thart a léirmhíniú agus a léiriú ar dhóigheanna difriúla.

Freagair ceist **1 agus** ceachtar acu ceist **2(a)** nó **2(b)**

## Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann 1900–1925

## Roinn A Fiosrú Stairiúil: Iuacháil agus anailísiú foinsí

Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

**Frithbheartaíocht Aontachtaithe Uladh in éadan Rialtas Dúchais 1911–1914**

### Foinse 1

Sliocht as Forógra in éadan Rialtas Dúchais ar glacadh leis ag cruinniú i mBéal Feirste de Chomhairle Aontachtaithe Uladh (CAU) (*UUC*), de na Cumainn Aontachtacha agus de na Lóistí Oráisteacha, 25 Meán Fómhair 1911.

### Foinse 2

Sliocht as meamram leis an Choirnéal Hackett Pain, Príomhoifigeach Foirne ar Óglaigh Uladh (UVF), chuig ceannairí áitiúla an UVF, 14 Bealtaine 1914. Ar an 24–25 Aibreán 1914, rinne an UVF 35,000 raidhfil agus 5 mhilliún piléar d'armlón a thabhairt isteach faoi rún ag cuan Latharna ón Ghearmáin. Tá Hackett Pain ag tabhairt breac-chuntais an dóigh ar chóir don UVF freagairt d'iarracht ar bith ó na húdaráis na hairm a ghabháil.

**Foinse 3**

Sliocht as Patrick Buckland, *Irish Unionism 1885 –1923: A Documentary History*, arna fhoilsiú in 1973.

> Reáchtáladh agóidí taibhseacha, agus in Eanáir 1912 thosaigh roinnt Aontachtaithe Uladh a dhéanamh druileála go hoscailte mar a bheadh arm ann. D'eagraigh Comhairle Aontachtaithe Uladh na hóglaigh seo le chéile in aon dream amháin ar tugadh Óglaigh Uladh (*The Ulster Volunteer Force*) orthu, a raibh tacaíocht aige ó aonaid mhíochaine, ghluaisteán, altranas agus teachtairí gluaisrothair. Ar 24 Meán Fómhair 2013 ghlac an CAU (*UUC*) leis an scéim le Rialtas Sealadach a bhunú i gCúige Uladh. Tháinig an Rialtas Sealadach seo le chéile den chéad uair ar 19 Iúil 1914. Bhí sé le cosaint ag UVF armtha, a raibh ciste airgid de chorradh le milliún punt aige, dá mbeadh gá leis. D'fhoirmigh an CAU (*UUC*) coiste d'fhir ghnó le comhairle a thabhairt ar na fadhbanna tráchtála a bheadh ag baint le seasamh in aghaidh Rialtas Dúchais, go háirithe i ndáil le neamhíocaíocht cánach. Chuir an CAU (*UUC*) Ciste Cosanta Aontachtach an Ridire Edward Carson ar bun le bolscaireacht in aghaidh Rialtas Dúchais a mhaoiniú sa Bhreatain.

*© Irish Unionism 1885-1923: A Documentary History. Published by HMSO, Belfast, 1973.*

1 (a) **Bain úsáid as na foinsí uilig agus as do chuid eolais féin maidir leis an tréimhse seo.** Cé acu foinse ab úsáidí mar fhianaise do staraí atá ag déanamh staidéir ar fhrithbheartaíocht Aontachtaithe Uladh in aghaidh Rialtas Dúcháis sa tréimhse 1911–1914? [15]

(b) **Bain úsáid as na foinsí uilig agus as aon fhianaise eile a ndearna tú staidéar uirthi.** Cé chomh mór atá na foinsí ag tacú leis an dearcadh gur thoilteanas foréigean a úsáid an ghné ba shuntasaí de fhrithbheartaíocht Aontachtaithe Uladh in aghaidh Rialtas Dúchais sa tréimhse 1911–1914? [20]

## Roinn B Fiosrú Stairiúil: Léirmhínithe

**2 Ceachtar acu**

**(a)** "Bhí titim Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann sa tréimhse 1914–1918, bhí sí le cur síos go príomha do thosca nach raibh aon smacht aige orthu." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an bhreithiúnas seo? Bain úsáid as fianaise ábhartha ar a ndearna tú staidéar, ar a n-áirítear léirmhínithe comhaimseartha agus léirmhínithe a tugadh ina dhiaidh sin le tacú le do fhreagra. [35]

**Nó**

**(b)** "Freagairt réalaíoch ó Rialtas na Breataine ar fhadhbanna na hÉireann, ach ceann nár thaitin le daoine ar bith in Éirinn a ndeachaigh sí i bhfeidhm orthu." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an mheasúnú seo ar an Acht um Rialú na hÉireann 1920? Le tacú leis an fhreagra, bain úsáid as fianaise ábhartha a ndearna tú staidéar uirthi, ar a n-áirítear léirmhínithe comhaimseartha agus léirmhínithe a tugadh ina dhiaidh sin. [35]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.